# An Garda Síochána

## Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

# Slándáil Feithicle

## Carr úsáidte a Cheannach

**Réamhrá**
Le haghaidh formhór na ndaoine is é an dara earra is daoire a cheannóidh siad ná a gcarr. Is rogha pearsanta é cé mhéid a íocfaidh tú, áfach cosúil le aon earra nó táirge a cheannach, tá sé tábhachtach nuair a cheannóidh tú carr go gcosnóidh tú tú féin agus do chuid infheistíochta i gcoinne aon ghníomhaíochta coiriúla. Féadfaidh drochchinneadh na mílte Eoro a chosaint ort, ach is féidir le ruainne beag taighde agus obair baile a bheith ina chabhair chun an riosca a thógáil as do charr a cheannach agus blianta tiomána sábháilte agus sona a thabhairt duit. Is seanrá é a bhaineann go hoiriúnach le carr den dara láimhe a cheannach ná 'Muna gcuireann tú na ceasteanna cearta – ní bhfaighidh tú an t-eolas ceart'.

**Ag ceannach ó Dhéileálaí Bunaithe nó ag ceannach go príobháideach**
Is í an difríocht is mó atá idir a bheith ag ceannach ó dhéileálaí agus díoltóir príobháideach ná an gné ráthaíochta nó an baránta. Tugann sé seo síocháin aigne duit má tá do charr lochtach nó mídhleathach. Beidh seasamh níos fearr dleathach agat má tharlaíonn agóid inghlactha tar éis an idirbhearta díolúcháin.

Tabharfaidh formhór na ndéileálaithe cáiliúla tréimhsí difriúla ar bharánta ach ní bheidh sé níos lú ná sé mhí de ghnáth.

Tabhair aire gurb eol duit cad iad na téarmaí agus coinníollacha an bharánta agus cad tá clúdaithe go cruinn.

Níos minicí ná mar a chéile is comhaontú idir daoine uaisle é a bheith ag ceannach go príobháideach agus is i bhfad níos deacra é go ginearálta duine a leanúint go dleathach, nuair a tharlaíonn trioblóid, muna bhfuil téarmaí agus coinníollacha scríofa an díolúcháin aontaithe idir na páirtithe.

**Ceannaigh Comhairle Speisialtóra**
Cé go bhfuil claonadh ar fhormhór na ndaoine neamhaird a dhéanamh ar an moladh seo, go háirithe san áit a bhaineann sé le déileáilithe gharáiste, is féidir leis an infheistíocht bheag a rinneadh chun tuairisc innealtóra proifisiúnta a fháil difríocht a dhéanamh idir thiomáint saor ó chúram agus trioblóid síoraí seasta.

Beidh a fhios acu cén áit a bhfuil na lochtanna, deisiúcháin faoi cheilt agus comharthaí soiléire mar gheall ar fhadhbanna féideartha. Tabharfaidh formhór de na heagraíochtaí mótair, ar nós an A.A., seirbhísí innealtóirí oilte, fiú muna bhfuil tú ina bhall de.

**Cá gceannóidh tú?**
Is féidir le carranna a cheannach ó thar lear a bheith ina riosca muna bhfuil tú ag déileáil le déilealaí cáiliúil bunaithe. Is féidir leis na coigiltí a ndéantar sa ghearrthéarma a bheith an-chostasach ar fad, ó thaobh ama agus taistil de, má tá fadhb agat nó má tá gá le deisiúcháin.

Is ''log mianach'' é ceannach príobháideacha féideartha. Is iomaí coirpeach atá ina sheaneolaí maidir le dallamhallóg a tharraingt ar chustaiméirí chun a chreidiúint gur fíordhíoltóirí iad atá ag díol ''fíormhargadh''. Tá siad inniúil go heisceacht ar chustaiméirí a tharraingt le fógraí tarraingteachta agus grianghrafanna snasta. I roinnt cásanna féadfaidh an carr a fheiceann tú gan a bheith ina charr a fhaigheann tú tar éis don liosta fadhbanna ''a chur ina cheart''.

Tá formhór na ndéileáilaithe i bPoblacht na hÉireann ceangailte le Cumann Thionscal Mótar na hÉireann nó an SIMI. Má tá amhras ort faoi chreidiúnacht déileálaí, ba cheart duit dul i dteagmháil leo le haghaidh comhairle a fháil.

**Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le**
**d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil**
**nó**
**tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie**

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceannchéathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

**Tá tú tar éis cinneadh a dhéanamh é a cheannach – ar chuir tú na ceisteanna cearta ort féin nó ar an ndíoltóir?**

- Bhfuil mé ag ceannach ó dhíoltóir aitheanta / bunaithe, nó má ag ceannach go príobhaideach atá tú, an bhfuil aithne agam ar an bpáirtí atá ag díol na feithicle agus an féidir liom a bona fides a fhíorú?
- An féidir liomstair na seirbhíse meicnaíochta roimhe seo a fháil amach?
- An bhfuil na taifid seirbhíse ar fáil?
- An raibh an carr tar éis a bheith tuairte riamh?
- An ndearnadh aon dheisiúchain don fheithicil agus an eol dom cad a bhí faoina ndeara agus cé a dheisigh iad?
- An bhfuil aon chomharthaí soiléire mar gheall ar ath-chóiriú agus/nó deisiúcháin, agus más ea, cén fáth? (m.sh. cairpéid, peadanna troitheáin, cabhailobair athspraeáilte, páirteanna nua innill, agus mar sin de)
- An ndearna túsa nó d'innealtóir turas trialach di-agnóiseach?
- An ndeachaigh mé i gcomhairle leis an úinéir (na húinéirí) roimhe seo mar gheall ar fháthanna le díolúchán na feithicle?
- An bhfuil na doiciméid dleathacha don fheithicil in ord agus an ionann na sonraí, cosúil le hUimhreacha innill, fonnaidh agus Uimhir Aitheantais na Feithicle agus iad sin atá ar an bhfeithicil. An bhfuil aon chomhartrhaí trasnaíochta orthu?




- An bhfuil na doiciméid dleatacha ar fáil go héasca agus muna bhfuil cén fáth?
- An bhfuil mé sásta nach bhfuil aon éilimh airgeadais gan íoc atá dlite i gcoinne na feithicle do ghníomhairí creidmheasa?
- An raibh an carr impórtáilte agus má tá, an raibh na cánacha agus na dleachta ar fad (m.sh., C.B.L., V.R.T.) tar éis a bheith íoctha?
- An raibh an fheithicil tar éis a bheith curtha faoi cháin suas go dtí seo, agus muna bhfuil, cén fáth?
- Ar bhreathnaigh mé ar an bhfeithicil i gcoinníollacha maithe soilse ag áitreabh an díoltóra le hinnealtóir neamhspleách?
- An bhfuil mé sásta go dtaispeánann praghas na feithicle atá á iarraidh an fíorluach? Muna bhfuil, cén fáth?
- An raibh an fheithicil fógartha? An bhfuil sonraí teagmhála infhíoraithe / inrianta áit a bhfuil díolachán príobháideach á thairiscint?
- An dearbhaigh mé agus an bhfíoraigh mé an t-eolas agus na fíricí ar fad atá á dtairiscint dom mar gheall ar stair na feithiclí ag an páirtí díoltóra?
- Cén teacht ar ais nó ráthaíocht nó baránta atá agam má tá mé míshásta leis an bhfeithicil sa todhchaí?

Bíonn treoir níos cuimsithaí mar gheall ar fheithicil úsáidte a cheannach ar fáil ó Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomaltóirí – cóip de gur féidir a íoslódail ón láithreán gréasáin.

***Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.***

***Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.***

## Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

**Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,**
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

**Aonad Imscrúdaithe an Gharda Síochána um Mhótar-fheithiclí Goidte**
Biúró Naisiúnta um Imscrúdú Coiriúil,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 6663320/5, Facs: (01) 6663347
Ríomhphost: nbci_stolen_vehicle@garda.ie

**An Garda Síochána**
www.garda.ie

**Gníomhaireacht Náisiúnta Tomaltóirí**
4 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Fón: 1890 432 432 nó (01) 4025555
www.consumerconnect.ie

**Cumann Thionscal Mótar na hÉireann**
5 Sráid Pembróic Uachtarach, Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 6761690
Ríomhphost: info@simi.ie
www.simi.ie

**AA Ireland**
56 An Bóthar Beag, Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 6179999
Ríomhphost: aa@aaireland.ie
www.aaireland.ie